C/2025/113

10.1.2025

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**a) Intleacht shaorga ilchuspóireach: na chéad chéimeanna eile tar éis an Ghnímh um an Intleacht Shaorga**

**(tústuairim arna hiarraidh ag an gCoimisiún)**

**b) Teicneolaíocht shlán don todhchaí: an intleacht shaorga**

**(tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Beilge)**

**INT/1055**

(C/2025/113)

Rapóirtéir: **Sandra PARTHIE**

| | | |
|---|---|---|
| Comhairleoir | | Vera DEMARY (thar ceann an rapóirtéara) |
| Comhairliúchán | (a)<br>(b) | An Coimisiún Eorpach, 11.12.2023<br>Uachtaránacht na hUngáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 14.3.2024 |
| An bunús dlí | | a) agus b) Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | | Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas |
| Dáta a glactha sa rannóg | | 1.10.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | | 23.10.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | | 591 |
| Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh) | | 186/2/2 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Chun go mbeidh sí iomaíoch san intleacht shaorga ilchuspóireach (GPAI), ní mór don Eoraip infheistíocht a dhéanamh i nascacht shlán agus i mbonneagar cnámh droma athléimneach chomh maith le slabhra soláthair athléimneach chun a áirithiú gur féidir leas a bhaint as éifeachtaí na hintleachta saorga giniúnaí do ghníomhaithe Eorpacha agus go mbeidh sí ailínithe le luachanna agus riachtanais Eorpacha.

1.2. Cuireann CESE i bhfios gur ábhar an-dinimiciúil í an intleacht shaorga agus go mbeidh gá leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach leanúnach agus solúbtha chun an cuspóir a bhaineann leis a bhaint amach, is é sin éiceachóras a chruthú atá iontaofa agus lena n-urramaítear cearta agus luachanna an Aontais. Cé go bhfuil samhlacha na hintleachta saorga ilchuspóirí an-teicniúil agus cé gur sa chomhthéacs gnólacht le gnólacht a bhfuil siad le fáil den chuid is mó, bíonn tionchar indíreach acu ar oibrithe agus ar thomhaltóirí. Chun deireadh a chur leis an eagla agus chun feasacht a fheabhsú, molann CESE idirphlé a eagrú leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, maidir leis na cóid chleachtais san ionad oibre agus maidir le cearta oibrithe i gcomhthéacs na hintleachta saorga ilchuspóirí.

1.3. Chun dul i ngleic le comhchruinniú margaidh ina bhfuil ceannas ag cuideachtaí móra digiteacha, ar cuideachtaí neamh-Eorpacha iad go minic, creideann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go bhfuil sé ríthábhachtach uirlisí an bheartais iomaíochta a shlógadh (amhail measúnú ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ceannasacht cuideachta, rialú cumasc) chun iompar agus cásanna criticiúla a chosc, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá gá le hinfheistíocht chomhordaithe sa nuálaíocht ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun cabhrú le slabhraí luacha an Aontais agus cruthú luacha san intleacht shaorga a fhorbairt.

1.4. Leis na cóid chleachtais dheonacha atá beartaithe i ndáil leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, beidh sé níos éasca do chuideachtaí na rialacháin a chomhlíonadh. Tá CESE ag súil go gcuirfear ar fáil leis an nGníomh sin treoirlínte, dea-chleachtais chun an rialachán a chur i bhfeidhm, teimpléid, faisnéis maidir le tairseacha agus caighdeáin, agus seicliostaí so-úsáidte d'úsáideoirí, d'fhorbróirí agus do gheallsealbhóirí eile na hintleachta saorga.

1.5. Beidh ról ríthábhachtach ag an Oifig um Intleacht Shaorga maidir le forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear treoir a chur ar fáil, cóid iompair a bhunú, comhar idirnáisiúnta san intleacht shaorga a chur chun cinn, caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn agus rialacháin an Aontais a fhorfheidhmiú *vis-à-vis* cuideachtaí Eorpacha agus neamh-Eorpacha atá gníomhach san Aontas. Caithfidh na hacmhainní is gá a bheith ag an Oifig um Intleacht Shaorga agus ag na húdaráis náisiúnta chun faireachán, meastóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar fhorálacha an dlí, lena n-áirithítear comhlíonadh agus cosaint chearta na dtomhaltóirí.

1.6. Tuigeann CESE go bhfuil imní i gceist le catagóirí éagsúla cruthaitheoirí ábhair faoi láthair maidir le húsáid na hintleachta saorga giniúnaí. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar an intleacht shaorga a fhorbairt ar bhealach lena n-urramaítear rialacha maidir le hinphaitinneacht, cóipcheart agus maoin intleachtúil.

1.7. Is féidir leis an intleacht shaorga éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a mhéadú trí phróisis a fheabhsú agus réitigh a chur ar fáil lenar féidir tástálacha fíorúla, leathchúplaí digiteacha agus roghanna eile a dhéanamh chun úsáid ábhar a laghdú. Bíonn tionchar ag córais agus samhlacha intleachta saorga agus a bhforbairt ar an gcomhshaol agus ar úsáid fuinnimh freisin agus ní mór an tionchar sin a thomhas go cruinn agus a chur san áireamh.

## 2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm, táthar ag díriú anois ar rialachán a chur chun feidhme maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach agus ar 'intleacht shaorga a dhéantar san Eoraip' agus atá iomaíoch a tháirgeadh. Is ábhar an-dinimiciúil í an intleacht shaorga agus caithfear an Gníomh um an Intleacht Shaorga a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach chun an cuspóir a bhaineann leis a bhaint amach, is é sin éiceachóras a chruthú atá iontaofa agus lena n-urramaítear cearta agus luachanna bunúsacha an Aontais.

2.2. Ós rud é go bhfuil an Gníomh um an Intleacht Shaorga an-chuimsitheach, dírítear sa tuairim seo ar phríomhghnéithe na hintleachta saorga ilchuspóirí atá á n-oiliúint le sonraí neamhphearsanta agus atá á gcur i bhfeidhm i suíomh gnólacht le gnólacht (B2B) nó gnólacht le rialtas (B2G), mar shampla i bhfeistí Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Is é is aidhm don tuairim seo aghaidh a thabhairt ar sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla, chomh maith le saincheisteanna nuálaíochta, infheistiú i ngach cuid de shlabhra luacha na hintleachta saorga, cásanna úsáide a chur chun cinn, rochtain ar shonraí agus ar an gcóras rialachais a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hintleacht shaorga ilchuspóireach.

2.3. De réir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, is éard atá i gceist le hintleacht shaorga ilchuspóireach samhail intleachta saorga lena léirítear ginearáltacht shuntasach agus an cumas raon leathan cúraimí leithleacha a dhéanamh go hinniúil gan beann ar an gcaoi a gcuirtear an tsamhail ar an margadh agus ar féidir í a chomhtháthú i gcórais nó feidhmchláir iartheachtacha éagsúla ([1]). Dá bhrí sin, is féidir le córais intleachta saorga ilchuspóirí cuid mhaith tascanna a dhéanamh, lena n-áirítear tascanna nár cuireadh oiliúint orthu ina leith ar dtús. Cumhdaítear faoin sainmhíniú sin ar intleacht shaorga ilchuspóireach – mar scáth-théarma – bunsamhlacha agus samhlacha teanga móra. Dá bhrí sin, is bunsamhail de chineál amháin í an intleacht shaorga ghiniúnach agus is córas intleachta saorga ilchuspóirí í freisin.

2.4. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga tugtar aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le hintleacht shaorga ilchuspóireach a fhorbairt agus a úsáid go forleathan agus tá sé mar aidhm leis creat a chur chun feidhme chun an teicneolaíocht a láimhseáil go sábháilte. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn CESE le cur chun feidhme an 'Chomhshocraithe um an Intleacht Shaorga' ag an gCoimisiún, cuireann sé i bhfios go láidir go bhféadfadh aon cheachtanna a foghlaimíodh roimhe seo, e.g. taithí a fuair luathghlacadóirí, a bheith tairbheach do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus gur cheart, dá bhrí sin, na ceachtanna sin a chur ar fáil a chur i bhformáid a fhágfaidh go mbeidh rochtain éasca ag an ngrúpa sin orthu.

2.5. Is saoth le CESE nach dtugtar aghaidh leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga ar an mbaol nach bhforbrófar agus nach n-úsáidfear intleacht shaorga ilchuspóireach. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go laghdófaí an t-iomaíochas i measc cuideachtaí Eorpacha, go laghdófaí díolacháin agus go mbeadh caillteanais post, marbhántacht eacnamaíoch agus bochtaineacht ann. Cé go n-aontaíonn CESE leis an ngá atá leis an intleacht shaorga a rialáil agus leis na rioscaí a bhaineann lena forbairt agus lena húsáid, iarrann sé freisin go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar éifeachtaí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus go ndéanfaí coigeartuithe a mheas i gcás ina mbeadh tionchar diúltach ag an rialachán ar cé chomh maith agus is féidir le cuideachtaí Eorpacha atá dírithe ar an intleacht shaorga a bheith nuálach. D'fhéadfadh sé sin tarlú go sonrach mura bhfuil cuideachtaí cinnte faoin gcaoi a bhfuil feidhm ag an rialachán maidir leo, má chuireann siad i bhfeidhm é ar an mbealach mícheart, nó má chinneann siad go ginearálta go bhfuil an rialachán róchasta do mhargadh na hEorpa chun gur fiú infheistíocht agus nuálaíocht a dhéanamh ann.

([1]) Airteagal 3(63).

2.6. Tuigeann CESE go bhfuil gníomhaithe lasmuigh de dhlínse an Aontais i gceannas ar mhórfhorbairtí na hintleachta saorga ilchuspóirí. Mar sin féin, caithfidh luachanna Eorpacha (go háirithe inbhuanaitheacht, cearta sóisialta agus urraim do chearta an duine agus don chomhshaol), cosaint sonraí agus trédhearcacht a bheith mar phríomhchritéir d'fhorbróirí agus do sholáthraithe agus d'úsáideoirí na hintleachta saorga, go háirithe i bhfeidhmchláir ardriosca. I gcásanna úsáide eile na hintleachta saorga, ba cheart úsáideoirí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin teicneolaíocht. Ina theannta sin, ní mór do ghníomhaithe neamh-Eorpacha sa mhargadh Eorpach nó a úsáideann sonraí Eorpacha na ceanglais sin a chomhlíonadh.

## 3. **Barúlacha sonracha**

### 3.1. ***Rialachas***

3.1.1. Leis na cóid chleachtais atá beartaithe i ndáil le hintleacht shaorga ilchuspóireach agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, beidh sé níos éasca do chuideachtaí na rialacha a chomhlíonadh. Tá CESE ag súil go gcuirfear ar fáil leis an nGníomh sin treoirlínte, dea-chleachtais chun an rialachán a chur i bhfeidhm, teimpléid, faisnéis maidir le tairseacha agus caighdeáin, agus seicliostaí so-úsáidte d'úsáideoirí, d'fhorbróirí agus do gheallsealbhóirí eile na hintleachta saorga. Dá airde cáilíocht na dteimpléad a sholáthraíonn an Oifig um Intleacht Shaorga, is ea is fearr an fhaisnéis a bheidh ar sholáthraithe na hintleachta saorga ilchuspóirí a chur ar fáil.

3.1.2. Molann CESE go láidir seisiúin idirphlé a eagrú leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, maidir le cóid chleachtais san ionad oibre toisc go bhfágfaidh siad go mbeidh sé níos éasca do sholáthraithe agus d'úsáideoirí na rialacháin a chomhlíonadh agus go gcuideofar le muinín a chothú san intleacht shaorga, lena n-áirítear an intleacht shaorga ilchuspóireach. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór a áirithiú i gcónaí go gcloítear le cearta saothair agus le ceanglais shábháilte san ionad oibre agus, mar chuid de sin, a áirithiú go dtuigeann oibrithe an intleacht shaorga agus go n-úsáideann siad go freagrach í. Sa chomhthéacs sin, molann CESE oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil, cur leis an litearthacht dhigiteach ghinearálta agus feasacht a mhúscailt i measc an phobail ([2]).

3.1.3. Beidh ról ríthábhachtach ag an Oifig um Intleacht Shaorga maidir le forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear treoir a chur ar fáil, cóid iompair a leagan síos, comhar idirnáisiúnta san intleacht shaorga a chur chun cinn, caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn agus rialacháin an Aontais a fhorfheidhmiú *vis-à-vis* cuideachtaí Eorpacha agus neamh-Eorpacha atá gníomhach san Aontas. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór don Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta oiliúna le haghaidh samhlacha agus an fhéidearthacht a chur ar fáil chun iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh. Ba cheart dóibh sásraí gearán éifeachtacha a bhunú don phobal agus d'úsáideoirí maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach agus ba cheart dóibh imscrúduithe trasteorann a chomhordú.

3.1.4. Tá caighdeáin le haghaidh córais intleachta saorga, mar shampla lena rialaítear a stóinseacht agus a n-iontaofacht sa réimse leighis nó san earcaíocht, ríthábhachtach chun samhlacha intleachta saorga agus cásanna úsáide a fhorbairt. Creideann CESE go bhfuil leas domhanda ag baint le caighdeáin a bhunú agus a chur i bhfeidhm go tapa chun meastóireacht a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ilchuspóirí agus gur cheart na caighdeáin sin a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, ar a laghad, nó ar an leibhéal domhanda más féidir.

3.1.5. Tá sé ríthábhachtach meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar éifeachtaí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ar intleacht shaorga ilchuspóireach san Aontas chun go mbainfear amach leis an rialachán na héifeachtaí atá beartaithe sa mheántéarma. Murab ionann agus an seasamh atá tagtha chun cinn sna Stáit Aontaithe, áirítear i bhfís an Aontais, a dtacaíonn CESE léi, toirmisc ar na cineálacha teicneolaíochta is ionraí agus rialacha dochta lena gceanglaítear ar chuideachtaí ar scála ollmhór a bheith níos oscailte maidir leis an gcaoi a ndearann siad táirgí atá bunaithe ar an intleacht shaorga.

3.1.6. Tuigeann CESE go bhfuil imní i gceist le catagóirí éagsúla cruthaitheoirí ábhair faoi láthair maidir le húsáid na hintleachta saorga giniúnaí. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar an intleacht shaorga a fhorbairt ar bhealach lena n-urramaítear rialacha maidir le hinphaitinneacht, cóipcheart agus maoin intleachtúil. Ba cheart an cumas a bheith ag cruthaitheoirí (e.g. saothar liteartha nó ealaíne) i gcónaí cead a thabhairt nó a dhiúltú chun a saothar a úsáid, lena n-áirítear ag samhlacha intleachta saorga ilchuspóirí.

3.1.7. Iarrann CESE ar an Oifig um Intleacht Shaorga cabhrú leis na geallsealbhóirí creataí idirnáisiúnta intleachta saorga eile, amhail na creataí a d'fhorbair ECFE ([3]), agus rialacháin, eg. siúd sa tSín agus sna Stáit Aontaithe, a thuiscint agus tuiscint a fháil freisin ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear ábhair amhail samhlacha 'oscailte' vs samhlacha 'bunaithe ar cheadúnú'. Ba cheart don Oifig um Intleacht Shaorga comhoibriú freisin le húdaráis eile de chuid an Aontais agus na mBallstát a bhíonn ag déileáil le rochtain ar shonraí do chuideachtaí chun sonraí a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe do na micrifhiontair agus na FBManna. Iarrann CESE freisin ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ar na Ballstáit 'cur chuige il-gheallsealbhóra' a ghlacadh maidir le hiarrachtaí chun sásra domhanda rialachais intleachta saorga a chruthú, dála ordú feidhmiúcháin na Stát Aontaithe maidir leis an intleacht shaorga ([4]) agus bearta rialtas na Síne chun intleacht shaorga ilchuspóireach a bhainistiú ([5]). D'fhéadfadh idirphlé beartais idirnáisiúnta agus cuimsitheach rialta maidir le rialachas na hintleachta saorga a bheith i gceist leis an gcur chuige sin freisin d'fhonn ilroinnt i réigiúin éagsúla a sheachaint.

([2]) Féach freisin na tuairimí ó CESE a foilsíodh cheana agus na cinn atá ar na bacáin lena ndírítear go sonrach ar úsáid na hintleachta saorga san ionad oibre agus ar úsáid na hintleachta saorga chun sochaithe níos cothroime agus níos cuimsithí a bhaint amach.
([3]) https://legalinstruments.oecd.org/en/instruments/OECD-LEGAL-0449.
([4]) www.whitehouse.gov/briefing-room/presidential-actions/2023/10/30/executive-order-on-the-safe-secure-and-trustworthy-development-and-use-of-artificial-intelligence/.
([5]) Bearta eatramhacha chun seirbhísí intleachta saorga giniúnaí a bhainistiú.

3.1.8. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na húdaráis náisiúnta ábhartha cistiú leordhóthanach a chur ar fáil chun an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme go héifeachtúil agus chun dlúthchomhar a dhéanamh leis an Oifig um Intleacht Shaorga ionas gur féidir léi na haidhmeanna a leagadh síos a bhaint amach. Ina éagmais sin, ní bheidh an Oifig um Intleacht Shaorga in ann na daoine éirimiúla agus na saineolaithe san intleacht shaorga atá ag teastáil chun na cúraimí thuas a chomhlíonadh a mhealladh agus a choinneáil.

3.1.9. Ghlac an tAontas an Gníomh um Shonraí le déanaí chun feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí agus ar an rochtain ar shonraí. Tá an Straitéis maidir le Sonraí agus an Gníomh um Rialachas Sonraí ar aon dul le chéile. Ní mór na rialacháin sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm anois. Ní mór faireachán agus meastóireacht chúramach a dhéanamh ar thionchar na rialachán sin sula ndéanfar breithniú ar aon iarrachtaí rialála eile chun an rochtain ar shonraí a chothú.

3.1.10. Áirítear boscaí gainimh rialála i bhforálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ar an leibhéal náisiúnta, rud a fhágann gur féidir le daoine nua cineálacha cur chuige nua a thriail. Dar le CESE, tá sé ríthábhachtach iarrachtaí agus spriocanna na mboscaí gainimh sin a chuíchóiriú agus go roinnfeadh na Ballstáit agus na rannpháirtithe na ceachtanna a fhoghlaimíonn siad le chéile.

## 3.2. *Nuálaíocht agus infheistíocht*

3.2.1. Tá sé mar aidhm leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga éiceachóras intleachta saorga atá sábháilte agus iontaofa a chothú. Ós rud é gur féidir le húsáideoirí agus tomhaltóirí tairbhiú den nuálaíocht san intleacht shaorga trí tháirgí agus seirbhísí ardfhorbartha éifeachtúla a úsáidtear in earnálacha amhail an tsláinte agus fuinneamh inbhuanaithe, tá sé tábhachtach nach gcuirfidh cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga bac ar an nuálaíocht sin.

3.2.2. Tá todhchaí na hintleachta saorga ilchuspóirí a dhéantar san Eoraip ag brath ar chumhacht ríomhaireachta, ar shliseanna, ar acmhainneacht néalríomhaireachta agus ar shonraí, rud a éilíonn infheistíocht shuntasach i dtrealamh talún, fuinnimh agus lárionaid sonraí. Ba cheart an infheistíocht, chomh maith le dreasachtaí eile chun na críche sin, a dhíriú ar nascacht shlán agus ar bhonneagar cnámh droma athléimneach, ós rud é go bhfuil an dá rud ríthábhachtach más mian leis an Eoraip a bheith ceannasach go digiteach. Is mian le CESE aird ar leith a tharraingt ar IMEC, an mol neamhspleách taighde agus forbartha nanaileictreonaice is mó ar domhan, atá lonnaithe sa Bheilg, agus é mar ionad barr feabhais san Eoraip agus mar phríomhchuid de shlabhra luacha na hintleachta saorga, ar cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh air agus aithris a dhéanamh air.

3.2.2.1. Tá cumhacht thar na bearta ag néal-óstaigh monatóireacht a dhéanamh ar iomaitheoirí, iad a bhrath agus a mhaolú. Sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, bíonn soláthraithe beaga Eorpacha teoranta do shamhlacha de chuid na Stát Aontaithe a mhionchoigeartú chun go mbeidh siad ina gcórais shaincheaptha nó ina gcórais a bhaineann go sonrach le réimse ar leith a dteastaíonn níos lú cumhacht ríomhaireachta, sonraí agus saothair uathu. Fágann sé sin go mbíonn forbróirí agus imlonnóirí iartheachtacha ag brath ar sholáthraithe móra samhlacha réamhtheachtacha. Is féidir le soláthraithe néalseirbhísí Eorpacha a bheith mar chuid de réiteach a chomhlíonann na héilimh chun luachanna agus riachtanais slándála na hEorpa a chomhlíonadh agus ba cheart iad a chur chun cinn, e.g. trína gcuid seirbhísí a úsáid i dtionscadail soláthair phoiblí an Aontais.

3.2.3. An margadh le haghaidh sliseanna intleachta saorga ar féidir leo samhlacha a úsáid le linn na céime oiliúna agus déileáil le ceisteanna ó úsáideoirí, tá sé an-chomhchruinnithe agus é faoi cheannas líon an-bheag cuideachtaí, go háirithe cuideachtaí de chuid na Téaváine agus na Stát Aontaithe. Meastar go bhfuil gá le hinfheistíocht dar luach USD 5-7 dtrilliún chun an acmhainneacht cheannasach chéanna maidir le tairgeadh sliseanna a áirithiú san Aontas. D'fhéadfadh sé gur rogha mhalartach inmharthana agus níos saoire é comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le roinnt comhghuaillithe iontaofa sa réimse sin.

3.2.4. Beidh tionchar ag an intleacht shaorga ghiniúnach ar thionscail na cógaisíochta, an mhonaraithe, na meán, na ngluaisteán, an aeraspáis, na cosanta, an leighis, na leictreonaice, an fhuinnimh agus ar earnáil na seirbhíse, i measc nithe eile, óir feabhsófar na príomhphróisis lena mbaineann trí shamhlacha intleachta saorga a ionchorprú iontu. Beidh tionchar aici ar mhargaíocht, ar dhearadh, ar chumarsáid chorparáideach, ar oiliúint agus ar innealtóireacht bogearraí trí na próisis tacaíochta a dhéantar in go leor eagraíochtaí a fheabhsú.

## 3.3. *Cásanna úsáide a chur chun cinn*

3.3.1. A bhuí leis an intleacht shaorga ilchuspóireach, déanfar obair chognaíoch chliste a uathoibriú ar bhealach suntasach agus tiocfaidh próisis atá bunaithe ar an intleacht shaorga ina hionad. Tá saineolas teicniúil agus tacaíocht de dhíth ar chuideachtaí, beag beann ar a méid, chun iad féin a chur in oiriúint don timpeallacht nua intleachta saorga, chun é a chur in úsáid ar bhealach úsáideach agus chun an creat rialála ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ag athrú go tapa a chomhlíonadh. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an aistriú sin ar mhargadh an tsaothair agus ní mór aghaidh a thabhairt ar oibrithe trí chláir oideachais agus curaclaim a oiriúnú, trí oibrithe a athsciliú agus a uas-sciliú agus trí thacú leo siúd nach bhfuil chomh ábalta céanna dul in oiriúint do na hathruithe sna próisis sin.

3.3.2. Creideann CESE go n-úsáidfear teicnící intleachta saorga giniúnaí go rialta amach anseo chun teacht ar ábhair, drugaí agus seirbhísí nua. Is féidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach laghdú ar na costais agus an t-am a theastaíonn chun leighis nua a aimsiú agus dearaí a chruthú atá barrfheabhaithe chun spriocanna agus srianta sonracha a chomhlíonadh agus, ar an dóigh sin, borradh a chur faoin bpróiseas dearaidh. Ní mór don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta sna forbairtí sin chun tairbhe a bhaint astu. Tá roinnt ionaid sár-ríomhaireachta san Aontas cheana féin. Iarrann CESE ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh na hacmhainneachtaí a chuirfear ar fáil leormhaith chun gur féidir na tionscadail sin a oibriú san Eoraip agus chun feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí maidir leis na deiseanna lena mbaineann agus maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcomhar idir ollscoileanna agus an tionscal.

3.3.3. Chun rochtain ar chórais intleachta saorga ilchuspóirí agus úsáid na gcóras sin a mhéadú, ní mór dóibh a bheith inmhínithe. A bhuí leis an trédhearcacht, d'fhéadfaí, mar shampla, an uathoibriú a dhéanamh níos éifeachtúla, an próiseas cinnteoireachta a dhéanamh níos éasca, botúin i gcúraimí atriallacha a chosc, earráidí i bpróisis a aimsiú go tapa agus táirgiúlacht a mhéadú. Na gnóthachain maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní trí phróisis agus réitigh níos fearr lena gceadaítear tástálacha fíorúla, leathchúplaí digiteacha agus roghanna eile chun úsáid ábhar a laghdú, caithfear iad a mheas i bhfianaise thionchar córas intleachta saorga ilchuspóirí ar an gcomhshaol agus ar úsáid fuinnimh.

3.3.4. Tuigeann CESE go bhfuil imní i gceist le catagóirí éagsúla cruthaitheoirí ábhair faoi láthair maidir le húsáid na hintleachta saorga giniúnaí. Le creat cóipchirt an Aontais, déantar foráil maidir le príomhrialacha chun cruthaitheoirí ábhair a chosaint nuair a úsáideann forbróirí intleachta saorga a gcuid oibre. A bhuí leis na heisceachtaí maidir le mianadóireacht téacs agus mianadóireacht sonraí a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/790 ([6]), tá creat ábhartha ann chun ábhar faoi chosaint a úsáid le haghaidh oiliúint intleachta saorga. Go háirithe, tá feidhm ag na heisceachtaí sin in Airteagal 4 ar choinníoll nach bhfuil na cearta maidir le hábhar a úsáidtear do mhianadóireacht téacs agus mianadóireacht sonraí faoi fhorchoimeád go sainráite ag sealbhóirí cirt. Féadfaidh sealbhóirí cirt leas a bhaint as an sásra um rogha gan bheith páirteach chun ceadúnais tráchtála a shocrú trí idirbheartaíocht le forbróirí intleachta saorga chun a n-ábhar a úsáid. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar an Oifig um Intleacht Shaorga a bheidh ann amach anseo a áirithiú go gcomhlíonfaidh forbróirí agus úsáideoirí uile na bhfeidhmchlár atá bunaithe ar intleacht shaorga ilchuspóireach na rialacha.

3.4. ***Iomaíochas in intleacht shaorga an Aontais***

3.4.1. Iarrann CESE ar an gCoimisiún iomaíocht san intleacht shaorga a chur chun cinn trí chomhsheasmhacht le Gníomh an Aontais um Margaí Digiteacha a áirithiú chun í a chur in oiriúint do struchtúr shlabhra luacha na hintleachta saorga agus trí chreat fabhrach a chur ar fáil le haghaidh taighde, forbairt agus méadú samhlacha intleachta saorga Eorpacha, agus luachanna Eorpacha mar threoirphrionsabail don méid sin.

3.4.2. Chun dul i ngleic le comhchruinniú margaidh atá faoi cheannas cuideachtaí móra digiteacha, ar cuideachtaí neamh-Eorpacha iad go minic, creideann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach uirlisí an bheartais iomaíochta a shlógadh (amhail measúnú a dhéanamh ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ceannasacht cuideachta, rialú cumasc) chun iompar agus cásanna criticiúla a chosc, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá gá le hinfheistíocht chomhordaithe sa nuálaíocht ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun cabhrú le slabhraí luacha an Aontais agus cruthú luacha san intleacht shaorga a fhorbairt.

3.4.3. Ní mór d'údaráis iomaíochta san Aontas leas a bhaint as an acmhainneacht atá iontu agus a áirithiú nach mbainfidh hipearscálaithe, mar a thugtar orthu, mí-úsáid as a suíomh ar an margadh gnólacht le gnólacht nó ar an margadh gnólacht le rialtas. Tá foireann cháilithe de dhíth orthu go práinneach chun obair leantach a dhéanamh ar fhorfheidhmiú bheartais an Aontais, amhail an Gníomh um Margaí Digiteacha. Caithfear comhaontuithe amhail iad siúd idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhoibriú i réimse na leathsheoltóirí – arb é is aidhm dóibh trédhearcacht a áirithiú maidir le fóirdheontais agus córas luathrabhaidh a sholáthar i gcás suaití – a chur chun feidhme agus a leathnú chuig geallsealbhóirí eile.

3.4.4. Tá sé tábhachtach cabhrú le cuideachtaí agus leis na micrifhiontair agus na FBManna Eorpacha rochtain a fháil ar na hacmhainní is gá chun samhlacha intleachta saorga a fhorbairt, amhail saoráidí taighde, acmhainneacht ríomhaireachta, sonraí agus lucht saothair oilte ionas gur féidir leo a bheith ní hamháin ina n-úsáideoirí réiteach intleachta saorga ach ina bhforbróirí freisin agus gur féidir leo samhlacha GPAI a fhorbairt bunaithe ar a riachtanais agus ar a dtáirgí féin.. Caithfidh an rochtain ar acmhainneacht sár-ríomhaireachta a bheith cuimsitheach, ós rud é go bhfuil gá le hinfhaighteacht fhadtéarmach na cumhachta ríomhaireachta chun oiliúint a chur ar shamhlacha.

3.4.5. A luaithe a fhorbrófar iad, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas réitigh Eorpacha a chur chun cinn agus a scaipeadh trí chomhlachtaí amhail G7, G20 agus fóraim idirnáisiúnta eile agus eagraíochtaí eile a leagann síos caighdeáin.

([6]) Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

3.4.6. Cé go dtugtar mionsonraí sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach a rialáil, is tearc iad na sonraí staidrimh maidir le *status quo* na samhlacha sin san Eoraip agus is beag eolas atá ar fáil maidir lena bhforbairt agus leis an tionchar atá acu. Chun é sin a fheabhsú, ba cheart an t-ábhar a chumhdach i suirbhé TFC Eurostat. D'fhéadfaí na sonraí a bhailítear a úsáid ansin chun an mheastóireacht leanúnach thuasluaite a dhéanamh ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE